An Rialálaí Carthanas

Charities Regulator

An cód iompair gnó do chomhaltaí den Rialálaí Carthanas agus dá fhochoistí

Doiciméad beartais

Contents

Réamhrá 3

Raon feidhme 3

Cuspóir 3

Prionsabail Ghinearálta 4

Scaipeadh agus athbhreithniú 7

Formheas 8

Aguisín 1 - na príomhdhualgais mhuiníneacha 9

Réamhrá

Ceanglaítear leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) ("an Cód") go ndéanfadh gach comhlacht stáit 'Cód Iompair' atá cothrom le dáta agus atá formheasta ag an mbord a fhoilsiú dá gcomhaltaí Boird agus dá bhfostaithe. Ceanglaítear go sonrach nithe áirithe a chur ar áireamh sa Chód. Ceanglaítear ar an gCathaoirleach ar gach comhlacht stáit freisin a dhearbhú sa tuarascáil bhliantúil uaidh/uaithi chuig an aire ábhartha den rialtas gur cuireadh Cóid Iompair don Bhord agus d'fhostaithe i bhfeidhm agus gur cloíodh leo.

Sa Chód seo, leagtar amach i bhfoirm scríofa na caighdeáin chomhaontaithe, na treoirphrionsabail chomhaontaithe agus na hoibleagáidí comhaontaithe lena rialaítear iompar na gcomhaltaí den Údarás Rialála Carthanas (dá ngairtear "an Bord" anseo ina dhiaidh seo) agus dá fhochoistí.

Raon feidhme

Beidh feidhm ag forálacha an Chóid Iompair seo maidir le comhaltaí den Bhord agus d'fhochoistí an Bhoird i leith na ndualgas atá orthu ina róil faoi seach.

Cuspóir

Is é cuspóir an Chóid:

- Tacar comhaontaithe caighdeán, prionsabal eiticiúil agus oibleagáidí a bhunú, lena rialófar an bealach ina seolfaidh na comhaltaí den Bhord agus dá fhochoistí gnó na heagraíochta
- Muinín agus iontaoibh a chur chun cinn agus a chothabháil laistigh den Bhord agus i measc leas-sealbhóirí

  agus

- Comhlíonadh a dhéanamh ar cheanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus Iarscríbhinn (2020) maidir le Cothromaíocht Inscne, Éagsúlacht agus Cuimsiú.

Prionsabail Ghinearálta

Ceanglaítear leis an gCód seo ar chomhaltaí den Bhord agus ar chomhaltaí d'fhochoistí gníomhú i gcónaí de réir an dlí agus na dualgais atá orthu a chur i gcrích de réir na gcaighdeán eiticiúil is airde i gcomhréir leis na hoibleagáidí agus na freagrachtaí atá leagtha amach sa Chód seo agus sna hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001 (dá ngairtear "na hAchtanna um Eitic" anseo ina dhiaidh seo) agus san Acht Carthanas 2009 (i gcás comhaltaí den Bhord).

Is leis na prionsabail agus na ceanglais seo a leanas a rialaítear iompar na gComhaltaí den Bhord agus dá Fhochoistí le linn dóibh a róil a chomhlíonadh:

Ionracas

Déanfaidh comhaltaí den Bhord agus dá fhochoistí na nithe seo a leanas:

- Cloí leis na nósanna imeachta atá leagtha síos ag an mBord agus leis na nósanna imeachta atá leagtha síos san Acht Carthanas 2009 agus sna hAchtanna um Eitic, 1995 agus 2001, i ndáil le cásanna coinbhleachta leasa – i gcás comhaltaí den Bhord amháin
- Ráiteas maidir le dearbhú leasanna a chur isteach tráth a gceapacháin agus ar bhonn bliantúil ina dhiaidh sin de réir rannán 5.8 den Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)
- Leasanna atá ag teacht salach, nó a d'fhéadfadh teacht salach, ar ghnó an Bhoird a nochtadh ar bhonn leanúnach de réir mar a thiocfaidh siad chun cinn, trí ráiteas leasa a chur isteach agus tríd an leas a dhearbhú ag an gcruinniú ábhartha de chuid an Bhoird nó an fhochoiste
- Dearbhú bliantúil leasanna a chur faoi bhráid an Choimisiúin um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí - i gcás comhaltaí den Bhord amháin
- Gan páirt a ghlacadh i ndíospóireachtaí nó i gcinntí ina bhféadfadh go mbeadh coinbhleachtaí leasa ann, is cuma cé acu a nochtadh nó nár nochtadh coinbhleachtaí den sórt sin cheana féin agus cé acu is coinbhleacht airgeadais nó coinbhleacht eile í
- Gan bronntanais chorparáideacha, fáilteachas, cóir fhabhrach nó sochair a thabhairt agus a fháil i gcás go bhféadfadh siad dul i bhfeidhm, nó go bhfuil an chuma orthu go dtéann siad i bhfeidhm, ar chumas an tsíntiúsóra nó an fhaighteora breithiúnas neamhspleách a thabhairt ar idirbhearta gnó
- Gan acmhainní nó am an Bhoird a úsáid ar mhaithe le sochar pearsanta nó chun dul chun tairbhe do dhaoine/d'eagraíochtaí nach bhfuil bainteach leis an mBord nó lena ghníomhaíochtaí
- Gan faisnéis a fháil faoi nithe rúnda gnó ar mhodh míchuí

  agus

- Gan aon fhaisnéis a fuarthas de bhua an phoist atá acu a úsáid chun déileáil (go díreach nó go hindíreach) i maoin, i scaireanna nó in idirbhearta airgeadais eile

Rúndacht

Ba cheart do chomhaltaí den Bhord agus dá fhochoistí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- A chinntiú go gcoinneoidh siad faoi rún an fhaisnéis íogair ar fad a fuair siad nó ar tháinig siad ar an eolas fúithi de bhua an phoist atá acu ar an mBord agus/nó ar a fhochoistí. Chuimseodh sé sin an fhaisnéis seo a leanas:
    - Faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de (lena n-áirítear pleananna don todhchaí, imscrúduithe, dréachtrialacháin nó mionsonraí faoi mhórathruithe eagraíochta nó faoi athruithe eile, ach gan a bheith teoranta dóibh)
    - Faisnéis phearsanta
    - Faisnéis a bhaineann le carthanais a ndéanann an Bord rialáil orthu

      agus

    - Faisnéis a fuair an Bord i modh rúin
- A thabhairt faoi deara nach scoirfear d'fhaisnéis atá faoi phribhléid, atá íogair nó atá rúnda a nochtadh tráth a thiocfaidh comhaltas den Bhord nó dá fhochoistí nó an fhostaíocht chun deiridh

  agus

- Tráth a thiocfaidh a dtéarma chun deiridh, gach páipéar cruinnithe atá ina seilbh acu agus lámhleabhair, litreacha, nótaí, leabhair nótaí, tuarascálacha agus ábhar eile de chineál rúnda a bhaineann leis an mBord a thabhairt ar ais do Rúnaí an Bhoird (nó a dheimhniú i scríbhinn do Rúnaí an Bhoird gur scrios siad an t-ábhar ar fad den sórt sin)

Faisnéis

Ba cheart do chomhaltaí den Bhord agus dá fhochoistí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Tacú leis an mBord, leis an lucht bainistíochta feidhmiúcháin agus le fostaithe cultúr a chothú ina dtugtar rochtain ar fhaisnéis ghinearálta a bhaineann le gníomhaíochtaí an Bhoird ar bhealach atá oscailte agus a mhéadaíonn a chuntasacht don phobal i gcoitinne
- A chinntiú go gcloífidh an Bord le nósanna imeachta cuí um réamhchomhairliúchán le tríú páirtithe i gcásanna eisceachtúla ina mbeartaítear faisnéis íogair a eisiúint chun leas an phobail
- A chinntiú go gcomhlíonfaidh an tÚdarás na forálacha reachtúla ábhartha a bhaineann le rochtain ar fhaisnéis (e.g., na hAchtanna um Chosaint Sonraí, an tAcht um Shaoráil Faisnéise, na Rialacháin maidir le Rochtain ar Fhaisnéis maidir leis an gComhshaol, agus an Treoir maidir le Sonraí Oscailte)

  agus

- A chinntiú go labhróidh Comhaltaí den Bhord/Comhaltaí Coiste leis an gCathaoirleach nó le Rúnaithe Boird/Coiste ar dtús agus faisnéis á lorg acu ón Lucht Bainistíochta Feidhmiúcháin

Oibleagáidí agus freagrachtaí

Ba cheart do chomhaltaí den Bhord agus dá fhochoistí gach beart réasúnach a dhéanamh chun a chinntiú:

- Go gcomhlíonfaidh an Bord gach oibleagáid rialála agus reachtúil is infheidhme
- Go dtabharfar i gcuntais agus tuarascálacha an Bhoird léiriú cruinn ar a fheidhmíocht gnó agus nach mbeidh na cuntais agus na tuarascálacha sin míthreorach nó ceaptha chun bheith míthreorach
- Go gceannófar earraí/seirbhísí de réir an dea-chleachtais gnó trí nósanna imeachta mionsonraithe tairisceana agus ceannaigh agus leibhéil fhorordaithe údaráis le haghaidh aon chaiteachas ábhartha a cheadú a chomhlíonadh

  agus

- Go mbeidh rialuithe leordhóthanacha i bhfeidhm chun calaois a bhrath agus a chosc, lena n-áirítear rialuithe atá ceaptha chun a chinntiú go gcomhlíonfar nósanna imeachta forordaithe i ndáil le speansais a éileamh i leith taisteal gnó.

Ba cheart do chomhaltaí na nithe seo a leanas a dhéanamh freisin:

- Gach iarracht réasúnach a dhéanamh a chinntiú go bhfreastalóidh siad ar gach cruinniú de chuid an Bhoird agus/nó an fhochoiste, ar aon dul le rannán 3.9 den Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016). Cuirfear freastal ar chruinnithe san áireamh in athbhreithniú bliantúil an Chathaoirligh ar fheidhmíocht comhaltaí aonair, de réir Bhuanordú 17.2
- Teacht le chéile go rialta, smacht éifeachtach iomlán a choinneáil ar an mBord agus faireachán a dhéanamh ar an lucht bainistíochta feidhmiúcháin agus ar fheidhmíocht
- Cloí le freagracht chomhchoiteann an Bhoird agus í a chosaint
- Cloí agus seasamh leis na dualgais mhuiníneacha atá orthu, mar atá sonraithe i rannán 3.1 den Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) - féach Aguisín 1
- A chinntiú go ndéanfar measúnú cothromaithe intuigthe ar staid an Bhoird agus Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais an Bhoird á leagan faoi bhráid an Aire Forbartha Tuaithe agus Pobail
- A admháil go bhfuil dualgas orthu go léir cloí leis na caighdeáin is airde ó thaobh eitic ghnó de, lena n-áirítear cloí leis na nósanna imeachta atá leagtha síos ag an mBord i ndáil le cásanna coinbhleachta leasa, lena n-áirítear i ndáil le glacadh le poist as a bhféadfadh coinbhleachtaí leasa agus ábhair imní rúndachta teacht chun cinn.

Dílseacht

Ba cheart do chomhaltaí den Bhord agus dá fhochoistí an ní seo a leanas a dhéanamh:

- A admháil go bhfuil freagracht orthu bheith dílis don Bhord agus bheith lántiomanta dá ghníomhaíochtaí gnó

Cothroime

Ba cheart do chomhaltaí den Bhord agus dá fhochoistí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Gach beart réasúnach a dhéanamh chun comhlíonadh na reachtaíochta um chomhionannas fostaíochta agus um stádas comhionann a chinntiú
- Gabháil orthu féin bheith cothrom i ngach beart gnó

agus

- Meas a thabhairt ar chliaint/ar leas-sealbhóirí agus caitheamh go cothrom le gach cliant/leas-sealbhóir

An Timpeallacht Oibre/Sheachtrach

Ba cheart do chomhaltaí den Bhord agus dá fhochoistí gach beart réasúnach a dhéanamh chun a chinntiú:

- Go dtabharfar ardtosaíocht do shláinte agus sábháilteacht fostaithe a chur chun cinn agus a chaomhnú trí bheartais ábhartha, de réir mar is cuí
- Go gcothóidh siad, tríd an lucht bainistíochta feidhmiúcháin, cultúr 'sceithireachta' ina bhféadfaidh fostaithe ábhair imní a chur in iúl faoi éagóiritheoireacht thromchúiseach gan aon bhaol go n-imreofaí díoltas orthu

agus

- Cultúr oibre a chothú ina n-íoslaghdaítear aon tionchar díobhálach a bhíonn ag oibríochtaí ar an mórthimpeallacht

Scaipeadh agus athbhreithniú

Tar éis don Bhord é a fhormheas, scaipfear an Cód seo ar gach comhalta den Bhord agus d'fhochoistí. Admhóidh gach comhalta go bhfuair siad an Cód agus go dtuigeann siad é. Gabhann an Bord air féin an Cód a athbhreithniú ar bhonn bliantúil.

Formheas

Rinne na comhaltaí uile den Údarás an Cód seo a fhormheas agus a ghlacadh an 28 Samhain 2024.

Comhaltaí den Údarás

- Gerry Kearney, Cathaoirleach
- John O'Donnell
- Ercus Stewart
- Mari Daly
- Máire McMahon
- Tony Ward
- Lorraine Lally
- Nicola Keogh
- Cathy Holahan
- Geraldine Smith
- Michael O'Sullivan
- Darren Lehane
- Stephen Keogh

Aguisín 1 - na príomhdhualgais mhuiníneacha

Is iad seo na príomhdhualgais mhuiníneacha:

1. Gníomhú de mheon macánta ar bhealach a mheasann an comhalta Boird a bheith chun leas na cuideachta

2. Gníomhú ar bhealach macánta agus freagrach i ndáil le gnóthaí na cuideachta a sheoladh

3. Gníomhú de réir bhunreacht na cuideachta agus gan na cumhachtaí atá aige nó aici a fheidhmiú ach amháin chun na gcríoch a cheadaítear le dlí

4. Gan leas nó úsáid a bhaint as maoin, faisnéis nó deiseanna na cuideachta chun tairbhe dó nó di féin nó chun tairbhe d'aon duine eile ach amháin i gcás go gceadaítear é sin le bunreacht na cuideachta nó go ritear rún ina leith sin le linn cruinniú ginearálta

5. Gan a chomhaontú srian a chur leis an gcumhacht atá ag an gcomhalta Boird breithiúnas neamhspleách a fheidhmiú ach amháin i gcás go gceadaítear é sin go sainráite le bunreacht na cuideachta

6. Aon choinbhleacht idir na dualgais atá ar an gcomhalta Boird i leith na cuideachta agus leasanna eile atá ag an gcomhalta Boird a sheachaint ach amháin i gcás go scaoilfear an comhalta Boird as an dualgas atá air nó uirthi i leith na cuideachta i ndáil leis an ní lena mbaineann

7. Feidhmiú a dhéanamh ar an gcúram, an scil agus an dícheall a mbeifí ag súil le réasún leo ó dhuine atá ag obair sa phost céanna agus a bhfuil eolas agus taithí den chineál céanna aige nó aici mar chomhalta Boird. Féadfar comhalta Boird a chur faoi dhliteanas i leith aon chaillteanais a thiocfaidh as a iompar faillitheach nó a hiompar faillitheach

   agus

8. Aird a bheith aige nó aici ar leasanna chomhaltaí na cuideachta

An Rialálaí Carthanas
Charities Regulator

Uimhir Thagartha an Doiciméid: An Cód Iompair Gnó do chomhaltaí den Rialálaí Carthanas agus dá fhochoistí - Rev 007

An Rialálaí Carthanas
3 Duga Sheoirse
LSAI Baile Átha Cliath 1
D01 X5X0

Teileafón: 01 633 1500

www.charitiesregulator.ie

© An Rialálaí Carthanas 2025